# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

19 Eanáir 2023 || Eagrán 130

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**



# SCOIL GHEIMHRIDH MERRIMAN

**Beidh Scoil Gheimhridh Merriman ar bun in Óstán Galway Bay i mBóthar na Trá idir 27-29 Eanáir 2023. "Bláthú agus Buanú na Gaeilge: Oidhreacht, Éiceolaíocht agus Fiontraíocht" téama na bliana seo, ábhar atá tráthúil! Beidh neart daoine as ceantar Chois Fharraige páirteach sa Scoil: Diarmuid Ó Mathúna, Máire Ní Neachtain, Ríonach Ní Néill agus Toner Quinn ina measc. Tabharfar turas ar dhrioglann Mhicil atá lonnaithe i mBóthar an Trá faoi láthair, mar chuid d'imeachtaí na Scoile freisin, gnó a bhfuil préamhacha láidre aige i gCois Fharraige! Cuirtear fáilte roimh chách ag an Scoil: is féidir freastal ar imeacht amháin nó fanacht agus freastal ar imeachtaí na deireadh seachtaine ar fad. Ní gá clárú roimh ré. Tá chuile eolaIs le fáil ag an seoladh www.merriman.ie**







# FOLÚNTAS: GAILLIMH LE GAEILGE

Tá Gaillimh le Gaeilge sa tóir ar Oifigeach Pleanála Teanga. Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga ag obair ar thionscadail reatha na heagraíochta agus i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann, ag fobairt deiseanna nua chun cur le feiceálacht agus úsáid labhartha na Gaeilge a spreagadh sa chathair. Tá sé riachtanach go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa, ag an OPT. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Oifig Ghaillimh le Gaeilge agus freagrach don Phríomh Fheidhmeannach & Bord Stiútha Ghaillimh le Gaeilge. Is féidir iarratas, chomh maith le CV a sheoladh chuig brid@gleg.ie roimh an Luan 23 Eanáir @ 5:30i.n. le cur isteach ar an bpost.




# FOLÚNTAS AG FÍBÍN SA TAIBHDHEARC

Tá post mar stiúrthóir ealaíne fógartha ag Fíbín. Duine spreagúil, fuinniúil agus thar a bheith eagraithe atá á lorg, a bhfuil taithí acu ar léiriú drámaí (taithí 10 mbliana ar a laghad), chun ról Stiúrthóir Ealaíne "Fíbín sa Taibhdhearc" agus níos faide anonn, a chomhlíonadh. Díreofar ar amharclannaíocht nua, láidir a chruthú, daoine oillte a dhéanfaidh a ndícheall ar son na cruthaitheachta sa Ghaeilge chomh maith le lucht féachana níos leithne le rannpháirtíocht níos mó a mhealladh. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV mar aon le litir chumhdaigh a sheoladh chuig eolas@fibin.com. Glacfar le hiarratais go dtí 26 Eanáir 2023.

# LÁ GAIRME CHONAMARA

Thug breis is 400 duine cuairt ar Óstán Chósta Chonamara, sna Forbacha, le gairid do Lá Gairme a bhí á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga an Iarthair. Do mhicléinn meánscoile a bhí an lá, áit a bhí deis acu eolas a fháil faoi na deiseanna fostaíochta agus staidéir atá ar fáil dóibh agus iad ar tí saol na scoile a fhágaint, le béim ar leith ar úsáid agus fiúntas na Gaeilge. Bhí ionadaithe ó ollscoileanna, institiúidí oideachais agus traenála, comhlachtaí tógála ar nós Ward & Burke agus Coffey Construction, comhlachtaí leighis ar nós Cambus/Freudenberg Medical, Óglaigh na hÉireann, ranna stáit & eagraíochtaí Gaeilge, Raidió na Gaeltachta agus TG4, institiúidí taighde ar nós Foras na Mara agus neart eile nach iad bailithe le chéile ar an lá le comhairle a chur ar mhicléinn as 7 scoil Ghaeltachta - Coláiste na bPiarsach, Rosmuc; Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal; Coláiste Cholmchille, Indreabhán; Coláiste Naomh Fheichín, Dúiche Sheoigheach; Scoil Phobail Mhic Dara, Carna; Scoil Chuimsitheach Chiaráin, an Cheathrú Rua; agus Coláiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh. Labhair na fiontraithe Siobhán Ní Ghadhra ó Danú Media, Pádraic Ó Griallais ó Dhrioglann Micil agus Dominic Ó Móráin ón eagraíocht Cósta Gaelach Chonamara & Árann faoin na deiseanna san earnáil teilifíse & scannáin, sa bhfiontraíocht agus sa turasóireacht. Thug Gormfhlaith Ni Thuairisg ó Údarás na Gaeltachta léargas dóibh ar dheiseanna fostaíochta sa nGaeltacht agus scoláireachtaí printíseachta an Údaráis ach go háirithe. B'iontach an méid sin de dhaoine óga na Gaeltachta a fheiceáil cruinnithe le chéile, agus an oiread sin comhairle agus saineolais á roinnt leo. Ba bhreá leis na hOifigigh Pleanála Teanga cur leis an lá don bhliain seo chugainn agus iad ag súil leis cheana féin!


Navigate
coffey
Ros na Rún
Ollscoil Mhá Nuad

# MÁIRÍN MHIC LOCHLAINN - EALAÍONTÓIR CÓNAITHE SCÉALAÍOCHTA 2023

Comhghairdeachas le Máirín Mhic Lochlainn atá ceaptha mar ealaíontóir cónaithe scéalaíochta 2023 in Ionad Léann na hÉireann in Ollscoil na Gaillimhe. Bíonn peann le páipéar ag Máirín níos minicí ná a mhalairt agus is iomaí scéal atá cumtha aici agus go leor dóibh curtha ar stáitse ag grúpaí aisteoireachta áitiúla. Chomh maith le bua na scríbhneoireachta agus na cumadóireachta, is iontach an scéalaí í Máirín le saineolas saibhir aici ar chúrsaí béaloidis. Guíonn muid chuile rath ar Mháirín.



Pictiúr: www.taiscecf.ie

# CRUINNIÚ POIBLÍ: COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tionólfar Cruinniú Poiblí ar an Máirt 25 Feabhra, i Seanscoil Sailearna ag tosú ag 7.30i.n., le deis a thabhairt don phobal moltaí a dhéanamh maidir le bearta ar cheart a chur sa bPlean Gníomhaíochta cúig bliana atá le ullmhú ag Comharchumann Sailearna don cheantar faoina chúram. Tá an cruinniú oscailte don phobal agus tá fáilte roimh chách.

Comharchumann Shailearna Teo

# RANGANNA GAEILGE

do Thuismitheoirí

**Ranganna Gaeilge do:**
**Thuismitheoirí (Tosaitheoirí)**

Irish Classes for Parents (Beginners)

**Déardaoin 9ú Feabhra**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 6 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# LÁ POBAIL ÉIRECOMPOSITES

**Beidh Lá Pobail á óstáil ag ÉireComposites ar an Domhnach 22ú Eanáir 2023. Beidh an imeacht ar siúl ó 2i.n. go dtí 4i.n., le cur i láthair cúig nóimead ó Phríomh Fheidhmeannach an Chomhlachta Dr. Tomás Flanagan, turas den mhonarchan i mBéarla agus i nGaeilge, sólaistí, agus gníomhaíochtaí do ghasúir aois 5 agus aníos. Beidh cuairteoirí in ann ceisteanna a chur, trealaimh den chéad scoth a fheiceáil, agus foghlaim faoi thionscadail taighde agus forbairt suimiúla atá ar na bacáin acu. Tabharfar deis don phobal an réimse uathúil páirteanna a dhéanann an comhlacht d'eitleáin a fheiceáil, chomh maith le satailítí, luaimh, tuirbíní gaoithe, diallaití marcaíochta agus níos mó. Beidh deis ag an bpobal taitneamh a bhaint as an gcultúr cairdiúil ann, agus foghlaim cén chaoi gur féidir leo ballraíocht a ghlacadh i gcomhlacht a théann i bhfeidhm ar thalamh, muir agus aer. Fáilte roimh chách. An-lá a bheas ann!**



# RANGANNA GAEILGE

do Thosaitheoirí

**Ranganna Gaeilge do: Thosaitheoirí**

(Irish Classes for Beginners)

**Dé Máirt 7ú Feabhra**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 6 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# GRÚPA ACLAÍOCHTA DO MHNÁ

Tá grúpa aclaíochta do mhná á bhunú ag CLG Micheál Breathnach. Cuireadh tús leis an togra ar an Máirt 17ú Eanáir agus leanfar leis, go seachtainiúil @ 7i.n. ar Pháirc Astro CLG Micheál Breathnach. Tá an grúpa feiliúnach do mhná aois 17+, agus níl aon ghá clárú roimh ré. Beidh na seisiúin go hiomlán neamhfhoirmeálta - is féidir rith/siúl ag do luas féin. Beidh táille €3 san oíche á ghearradh ar rannpháirtithe le dul i dtreo costas na soilse. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Frances (086 889 2180) nó le Fionnuala (086 888 9566)



# TRÁTH NA GCEIST

Beidh Tráth na gCeist á reáchtáil ag Cumann Sacair Chois Fharraige ar an Aoine 17ú Feabhra. Cuirfear tús leis an oíche @ 8i.n. i dTigh Chualáin. Beidh crannchur ar an oíche, agus gearrfar táille de €40 ar bhord de cheathrar clárú don tráth na gceist. Bheadh an club thar a bheith buioch ach tacaíocht an phobail a fháil le hairgead a bhailiú don chumann. Le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcumann ar a gcuntas Facebook: Cumann Sacair Chois Fharraige.

